

Sábháilteacht ar bhóithre

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi shábháilteacht ar bhóithre. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a aimsiú de na focail seo thíos?:

1. fully confident _____
2. Christmas campaign _____
3. serious injuries _____
4. the figures show _____
5. elderly people _____
6. with regard to allegations _____
7. committed to _____
8. completely changed _____

Éist leis an mhír le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 (a) Féach ar an mhír den dara huair agus breac síos aon eolas a fhaigheann tú faoi na daoine seo a leanas:

Leo Varadkar
Elaine Hanley
Martin Callinan

(b) Cén fáth ar seoladh an feachtas Nollag faoi shábháilteacht ar bhóithre agus cad iad na grúpaí a bhí ann?

(c) Cén fáth ar luadh na figiúirí seo: 20,000 / 1996 / 2011

Ceist 3 Éist leis an mhír uair amháin eile agus déan achoimre ghairid ó bhéal don duine in aice leat. Éist lena bhfuil le rá aigesean chomh maith – an raibh an t-eolas céanna agaibh?

Ceist 4. ‘...*cailte*...’ agus ‘...*athraithe*...’

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na samplaí thuas?

(b) Líon na bearnaí sna habairtí seo leis an ghné chéanna den ghramadach ach leis na briathra atá idir lúibíní:

- Nach bhfuil na soithí (nigh) _____ agat go fóill?
- Beidh mé ag dul go dtí an phictiúrlann anocht chomh luath is atá m’obair bhaile (déan) _____ agam.
- An bhfuil an dea-scéala (clois) _____ agat? Tá an rang (cuir) _____ ar ceal!
- Nach mór an trua nach bhfuil na ticéid (ceannaigh) _____ agam go fóill. Is cinnte go bhfuil sé rómhall anois.

- Tá an bille (íoc) _____agam. Tá mé ag bailiú liom!
- Tá an tae (ól) _____agam, cé go raibh sé fuar.
- An bhfuil an scannán sin (bun) _____ar fhíorscéal?
- Tá Máire (cáin) _____aici go minic. Níl sé cóir nó ceart.

Ceist 5 ‘... *ar ghortuithe*...’ vs ‘...*as cuimse*...’

- (a) Cén téarma gramadaí a thugtar ar na focail bheaga i gcló dubh?
(b) Glacann cuid acu séimhiú ach ní ghlacann cuid eile. Cuir na focail sa bhosca ceart agus tabhair samplaí:

ag, de, faoi, do, roimh, idir*, ó, chuig, le, trí, ar*, as, go, mar

...a chuireann séimhiú ar chonsan	...nach gcuireann séimhiú ar chonsan
<i>ar ghortaithe</i>	<i>as cuimse</i>

- (c) Cad faoi na cinn a bhfuil réiltín in aice leo? Tabhair samplaí chun d'fhreagra a mhíniú.
(d) Cad a tharlaíonn d'fhocail a thosaíonn le guta?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- Cén fáth, dar leat a bhfuil an feachtas á sheoladh i mí na Nollag?
- Cad í do bharúil faoi na fógraí teilifíse ar shábháilteacht ar bhóithre?
- Cad is cúis, do bharúil, leis na timpistí bóthair a tharlaíonn sa tír seo?

Freagraí

Ceist 1

- | | |
|-----------------------------|-----------------------------------|
| 1. lánmhuíneach | <i>fully confident</i> |
| 2. feachtas Nollag | <i>Christmas campaign</i> |
| 3. gortaithe tromchúiseacha | <i>serious injuries</i> |
| 4. léiríonn na figiúirí | <i>the figures show</i> |
| 5. daoine scothaosta | <i>elderly people</i> |
| 6. maidir le líomhaintí | <i>with regard to allegations</i> |
| 7. tiomanta maidir le | <i>committed to</i> |
| 8. athraithe as cuimse | <i>completely changed</i> |

Ceist 2

(a) **Leo Varadkar** – Is é Aire Iompair na tíre é. Sheol sé an feachtas maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Tá muintín aige san fhiosrúchán atá ar bun ag na Gardaí.

Elaine Hanley – Cailín óg is ea í a bhí ag obair mar altra nuair a gortaíodh go dona í i dtimpiste bhóthair anuraidh. Tá an mothú cailte aici óna hucht síos agus tá a saol athraithe as cuimse dá bharr.

Martin Callinan – Is é coimisinéir an Gharda Síochána é. Sa tuairisc, dúirt sé go bhfuil na Gardaí tiomanta maidir le sábháilteacht ar na bóithre. Dúirt sé freisin go bhfuil fiosrúchán iomlán cuimsitheach ar bun ag an nGarda Síochána maidir le líomhaintí gur cuireadh pointí pionóis do roinnt daoine ar ceal.

(b) Le haird a tharraingt ar ghortuithe tromchúiseacha a fhaigheann daoine i dtimpistí bóthair. Bhí an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, an Garda Síochána agus an tAonad Náisiúnta um Ghortú Dromlaigh i láthair.

(c) Mar gur gortaíodh beagnach fiche míle duine go dona idir 1996 agus 2011.

Ceist 3

Iarr ar na foghlaimeoirí achoimre bheag a scríobh.

Ceist 4

(a) An aidiacht bhriathartha atá i gceist.

(b) Líon na bearnaí sna habairtí seo leis an ghné chéanna den ghramadach ach leis na briathra atá idir lúibíní:

- Nach bhfuil na soithí nite agat go fóill?
- Beidh mé ag dul go dtí an phictiúrlann anocht chomh luath is atá m'obair bhaile déanta agam.
- An bhfuil an dea-scéala cloiste agat? Tá an rang curtha ar ceal!
- Nach mór an trua nach bhfuil na ticéid ceannaithe agam go fóill. Is cinnte go bhfuil sé rómhall anois.
- Tá an bille íoctha agam. Tá mé ag bailiú liom!
- Tá an tae ólta agam, cé go raibh sé fuar.

- An bhfuil an scannán sin bunaithe ar fhíorscéal?
- Tá Máire cáinte aici go minic. níl sé cóir ná ceart!

Ceist 5

- (a) Réamhfocail shimplí.
- (b) Féach an tábla thíos

...a chuireann séimhiú ar chonsan	...nach gcuireann séimhiú ar chonsan
ar ghortaithe de bharr faoi thionchar do Mháire roimh mhaidin ó shin trí thimpiste mar shampla	as cuimse ag Síle chuig cóisir le meas go Baile Átha Cliath

Na cinn a bhfuil réiltín in aice leo – **idir** agus **ar**: Cuireann siad séimhiú ar an ainmfhocal a leanann iad **cuid den am**.

e.g. Ar ceal **ach** Ar **chathaoir**

Idir **chailíní** agus **bhuachaillí** (both girls and boys) **ach** idir Corcaigh agus Gaillimh (between Cork and Galway)

- (c) Ní dhéantar aon athrú ar fhocail dar tús guta tar éis **faoi, roimh, ó, trí, as, ag, chuig, idir agus ar**

I gcás na réamhfocail **de** agus **do** cuirtear d' roimh ghutaí e.g. do +Éamonn – d'Éamonn
de + áilleacht – d'áilleacht

I gcás an réamhfocail **le** cuirtear h roimh ghutaí e.g. le + Úna – le hÚna

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eibhlín Ní Choisdealbha

Dúirt an tAire Iompair Leo Varadkar, go bhfuil lánmhuinín aige sa bhfiosrúchánⁱ atá ar bun ag an nGarda Síochána faoi na líomhaintí gur chuirⁱⁱ Gardaí sinsearacha pointí pionóis ar ceal do dhaoine áirithe. Sheol an tAire feachtas Nollag – sábháilteacht ar bhóithre - ar maidin.

Sorcha Ní Riada

Sheol an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána feachtas an lae inniu i dteannta an Aonaid Náisiúnta um Ghortú Dromlaigh in ospidéal an Mater mar go bhfuil an feachtas i mbliana dírithe ar ghortuithe tromchúiseacha a fhaigheann daoine i dtimpistí bóthair. Léiríonn na figiúirí gur gortaíodh beagnach fiche míle duine go dona idir 1996 agus 2011.

Ina measc siúd ag ócáid an lae inniu bhí Elaine Hanley, cailín óg a bhí ina haltraⁱⁱⁱ ag tabhairt aire do dhaoine scothaosta nuair a gortaíodh go dona i dtimpiste bhóthair^{iv} í anuraidh. Tá an mothú cailte aici óna hucht síos agus a saol athraithe as cuimse dá bharr. Dúirt Martin Callinan, coimisinéir an Gharda Síochána, go bhfuil na Gardaí tiomanta maidir le sábháilteacht^v ar na bóithre. Dúirt sé leis go bhfuil fiosrúchán iomlán cuimsitheach ar bun ag an nGarda Síochána maidir le líomhaintí gur cuireadh pointí pionóis do roinnt daoine ar ceal. Dúirt an tAire Iompair, Leo Varadkar, go bhfuil muinín aige siúd leis, sa bhfiosrúchán atá ar bun ag na Gardaí. I gcás timpistí bóthair, meastar go ngortaítear ochtar go dona in aghaidh gach duine a mharaítear ar na bóithre.

ⁱ *san fhiosrúchán* atá sa chaighdeán

ⁱⁱ *go gcuir* a deirtear

ⁱⁱⁱ *ina altra* a deirtear

^{iv} *bóthair* a deirtear

^v *shábháilteacht* a deirtear